

Sloinn agus Cothromóidí

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k
	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir
Gnéithe	Sloinn agus Cothromóidí										
Tuiscint agus Ceangal					<p>Úsáideann sé comharthaí i gcomhair mar an gcéanna le, gan mar an gcéanna le, níos lú ná agus níos mó ná, mar chomharthaí coibhneasta.</p> <p>Úsáideann sé uimhir-fhíricí agus/nó ríomh simplí chun an luach atá ar lár in uimhir-abairt a aimsiú.</p>	<p>Déanann sé iniúchadh ar roinnt struchtúr d'uimhir-abairtí (Mar shampla – $c=a+b / a+b=c$).</p> <p>Déanann sé imscrúdú agus tástáil ar 'fhíre' na n-uimhir-abairtí.</p> <p>Briseann sé patrún síos ina chomhpháirteanna agus cuireann sé athrú gach téarma nuair a théann an patrún chun cinn i gcomparáid lena chéile.</p>	<p>Déanann sé iniúchadh ar choincheap na hathróige i gcomhthéacs, sloinn, patrún nó táblaí simplí atá bunaithe ar chruth nó ar scéal.</p> <p>Déanann sé iniúchadh agus cur síos ar an gcoibhneas idir tacair uimhreacha i bpatrún atá ag fás nó ag laghdú (D'fhéadfadh leis a bheith úsáideach samplaí atá bunaithe ar chás fíorshaoil, nó ar phatrún uimhriúil nó crutha a úsáid).</p>	<p>Cuireann sé luachanna in áit athróga agus déanann sé iniúchadh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag athrú athróige amháin ar athrú i dtorthaí nó in aschuir.</p>	<p>Cruthaíonn sé sloinn agus cothromóidí ag baint úsáid as litreacha mar rudaí anaithnide atá inathraitheach nó buan.</p> <p>Déanann sé measúnú ar luach ruda anaithnid i gcothromóid ar leith agus aimsíonn sé é.</p>	<p>Déanann sé iniúchadh ar an gcaoi a bhféadfadh le sloinn a bheith coibhéseach fiú nuair atá foirmeacha siombalacha difriúla acu (Mar shampla: $2x + 4$ and $2(x+2)$).</p> <p>Sainaitníonn sé comhfhachtóirí agus cuireann sé iad i bhfeidhm chun sloinn a shimpliú, (Mar shampla: $4x+4=4(x+1)$).</p> <p>Déanann sé measúnú ar shloinn ailgéabracha trí uimhreacha aiceanta a chur in áit rudaí anaithnide (D'fhéadfadh le rudaí anaithnide a bheith inathraitheach nó buan).</p>	<p>Sainaitníonn sé il-leanganacha slonn, trí théarmaí cosúla a chur le chéile, trí fhachtóirí a shainithint, agus tríd na hairíonna cómháirtacha, dáileacha agus comhthiomsaitheacha a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.</p>

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k
	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir
Gnéithe	Sloinn agus Cothromóidí										
Cumarsáid					<p>Aistríonn sé fadhbanna briathartha aonchéime go huimhir-abairtí nó sloinn scríofa suimithe nó dealaithe [agus a mhalairt].</p>	<p>Úsáideann sé comhartha nó pictiúr chun luach anaithnid a léiriú in uimhir-abairt.</p> <p>Aistríonn sé fadhbanna briathartha a bhfuil suimiú nó dealú de chastacht atá ag méadú i gceist leo go huimhir-abairtí nó sloinn scríofa [agus a mhalairt].</p>	<p>Aistríonn sé fadhbanna briathartha a bhfuil anaithnide i gceist leo go huimhir-abairtí nó sloinn scríofa [agus a mhalairt].</p> <p>Cuireann sé tábla de luachanna ar bhaill phatrúin i dtoll a chéile. Úsáideann sé tábla chun patrún a leathnú agus cur síos a dhéanamh air, agus chun luachanna sa todhchái a thuar.</p>	<p>Aistríonn sé fadhbanna focal agus briathartha go huimhir-abairtí nó sloinn scríofa iolrúcháin nó roinnte [agus a mhalairt].</p> <p>Gineann sé patrún i gcruthanna ó fheidhm.</p> <p>Gineann sé tábla agus graf ó fheidhm.</p>	<p>Úsáideann sé litreacha chun seasamh d'uimhreacha anaithnide i gcothromóidí.</p> <p>Tarraingíonn sé múnlaí chun fadhbanna a bhfuil níos mó ná athróg amháin i gceist leo a léiriú.</p> <p>Úsáideann sé comharthaí chun ginearáluithe a léiriú (Mar shampla: Le haghaidh airíonna náide nó cómhálartacha an iolrúcháin).</p>	<p>Cruthaíonn sé sloinn do chomhthéacsanna. Más ábhartha, déanann sé sloinn a shimplíú ach téarmaí cosúla a chur le chéile agus trí chomhfhachtóirí a shainaithint.</p> <p>Aistríonn sé fadhbanna focal agus briathartha go cothromóidí scríofa [agus a mhalairt].</p> <p>Scríobhann sé cothromóidí le níos mó ná rud anaithnid amháin (D'fhéadfadh le rudaí anaithnide a bheith inathraitheach nó buan) chun teacht ar réiteach na faidhbe.</p>	<p>Scríobhann sé cothromóidí agus fadhbanna múnla chun cásanna matamaiticiúla nó struchtúir de chastacht atá ag méadú a léiriú.</p>
Réasúnaíocht					<p>Aithníonn sé feidhm na gcomharthaí oibríochta [+ , -] agus na gcomharthaí coibhneasta [= , > , < , ≠] agus an chaoi a bhfanann an fheidhm seo mar an gcéanna i ngach comhthéacs.</p> <p>Roghnaíonn sé comharthaí oiriúnacha oibríochta nó coibhneasta chun slonn a dhéanamh fíor.</p>	<p>Aithníonn sé go bhféadfaí comharthaí a úsáid freisin chun seasamh d'athróg nó chun ceann a léiriú a d'fhéadfadh a bheith aithnid nó anaithnid, agus d'fhéadfadh go gcuimseofaí réimse luachanna leo (Mar shampla: Aois Pheadair = m'aois + 6).</p>	<p>Déanann sé cur síos ar struchtúr feidhme, ach úsáid a bhaint as focail nó as siombailí (Mar shampla: aschur = 1 + 2 iolrú faoin ionchur).</p> <p>Aithníonn sé patrúin atá ag fás nó ag laghdú mar fheidhmeanna (.i. seicheamh ionchur agus aschur) agus úsáideann sé an struchtúr seo chun tuartha a dhéanamh faoi thuilleadh aschur/ionchur.</p>	<p>Déanann sé patrúin agus rialacha amach a thagann chun cinn nuair a chuirtear luachanna in áit athróga.</p> <p>Faigheann sé ciall athróige amach ag brath ar a comhthéacs nó ar a cuspóir.</p>	<p>Úsáideann agus léirmhíníonn sé sloinn chun ceisteanna faoi chainníochtaí agus faoina gcoibhneas a fhreagairt.</p> <p>Úsáideann sé focail, léaráidí agus táblaí de réir mar is cuí chun loighic na slonn a thaispeáint.</p>	<p>Déanann sé iniúchadh ar an gcaoi a gcruthaíonn oibríochtaí difriúla graif dhifriúla agus cuireann sé cur síos uirthi.</p>	<p>Cuireann sé tábla i gcrích chun an struchtúr atá mar bhonn faoi coibhneas dhá-athróg a mhíniú.</p>

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k
	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir
Gnéithe	Sloinn agus Cothromóidí										
Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna					<p>Insíonn sé scéal faoi uimhir-abairtí simplí nó sloinn, ó bhéal nó ag baint úsáid as samhlacha oiriúnacha. (Mar shampla: léaráidí nó ábhair choincréiteacha).</p>	<p>Réitíonn sé fadhb chun luach anaithnid a fháil amach.</p> <p>Cuireann sé fíricí suimithe agus dealaithe i bhfeidhm chun luach anaithnid a aimsiú.</p>	<p>Déanann sé samhail d'fhadhbanna ag baint úsáid as léirithe éagsúla amhail táblaí, focail, léaráidí agus sloinn agus réitíonn sé iad.</p>	<p>Réitíonn sé fadhbanna ag baint úsáid as coibhneasa oibríochta inbhéartacha nó fachtóiriú.</p> <p>Cuireann sé airíonna iolrúcháin agus roinnte i bhfeidhm chun luach anaithnid a aimsiú.</p>	<p>Réitíonn sé i gcomhair na n-uimhreacha anaithnide ag baint úsáid as airíonna na gceithre oibríocht.</p> <p>Réitíonn sé fadhbanna a bhfuil coibhneas feidhmiúil idir dhá chainníocht i gceist leo.</p>	<p>Déanann sé samhail de chásanna fadhbanna de chastacht atá ag méadú ag baint úsáid as graif, as táblaí agus as cothromóidí agus léiríonn sé iad.</p> <p>Úsáideann sé modhanna oiriúnacha chun réimse cothromóidí simplí a réiteach, taobh istigh de chomhthéacs.</p>	<p>Réitíonn sé fadhbanna focal a bhfuil dhá chothromóid inathraitheacha i gceist leo.</p> <p>Cruthaíonn sé sloinn chun fadhbanna a réiteach agus cuireann sé iad i bhfeidhm.</p> <p>Cuireann sé eolas faoi léirithe nodaireachta uimhreacha agus oibríochtaí i bhfeidhm (Mar shampla: Nodaireacht codáin nó easpónaint) chun fadhbanna ina bhfuil rudaí anaithnide a léirmhíniú agus a réiteach.</p>